

Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta

Foirm Thoilithe maidir le Tuairimí agus Smaointe



Heileo! Go raibh maith agat as do thuairimí agus smaointe a roinnt linn le haghaidh Thionól Bithéagsúlachta na bPáistí agus na nDaoine Óga in Éirinn. Ar dtús, léigh an t-eolas faoin gcaoi a mbainfimid úsáid as an eolas a thabharfaidh tú dúinn, sula gcuirfidh tú tic sna boscaí san fhoirm thoilithe.

- Déanfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an t-eolas go léir a bhaileofar a stóráil go slán. Ní bheidh fáil ar an eolas sin ag aon duine seachas na daoine atá páirteach sa Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta.
- D'fhéadfadh sé go mbainfear úsáid as focail nó íomhánna uait don Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta agus do thionscadail a bhfuil baint dhíreach acu leis.
- Le cead uaitse, cuirfimid na smaointe agus na tuairimí uait féin ar an suíomh gréasáin atá againn ach ní bheidh ag gabháil leo ach do chéad ainm, d'aois agus an contae ina bhfuil cónaí ort. Is féidir leat a rá linn más mian leat nach mbeidh an t-eolas sin le feiceáil in aice leis na tuairimí agus na smaointe uait.
- Ní ghlacfaimid le tuairimí atá maslach nó míchuí.

AINM:

CONTAE:

AOIS:

SEOLADH RÍOMHPHOIST:

- Toilím mo chuid tuairimí agus smaointe a roinnt leis an Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta.
- Toilím gur féidir le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath na tuairimí a roinnfidh mé leis an Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta a stóráil, agus an t-eolas fúmsa atá san fhoirm seo san áireamh.
- Ba mhaith liom go gcuirfí mo chuid tuairimí agus smaointe ar an suíomh gréasáin. Má dhéantar é sin, táim sásta go luafar mo chéad ainm, m'aois agus an contae ina bhfuil cónaí orm.

TOILIÚ Ó THUISMITHEOIR / CAOMHNÓIR DLÍTHIÚIL

- Toilím go gcuirfidh mo pháiste / páiste atá faoi mo chúram tuairimí agus smaointe isteach chuig an Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta.
- Toilím go gcuirfear na tuairimí agus na smaointe ó mo pháiste ar an suíomh gréasáin. Má dhéantar é sin, táim sásta go luafar céad ainm agus aois mo pháiste agus an contae ina bhfuil cónaí air nó uirthi.

SÍNIÚ:

DÁTA:

Priontáil an fhoirm seo le do thoil agus cuir isteach í leis na smaointe agus tuairimí agus tú á seoladh go dtí: Diarmuid Torney, An Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.